**TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA CHOMHAONTÚ**
**Comharchumann Dhún Chaoin Teoranta**
Toilíonn an Soláthróir an tSaoráid a thuairiscítear thíos a chur ar fáil don Suibscríobhaí ar na Téarmaí agus na Coinníollacha seo a leanas.

1.1 Sa Chomhaontú seo:

ciallaíonn "Comhaontú" an comhaontú seo idir Comharchumann Dhún Chaoin Teoranta agus an Suibscríobhaí I dtaca le soláthar agus más infheidhme suiteáil na Saoráide.

ciallaíonn "Saoráid" an trealamh go léir nó aon chuid de idir trealamh meicniúil, crua-earraí nó bogearraí a sholáthrófar nó a cheadúnófar don suibscríobhaí faoi théarmaí an Chomhaontaithe seo.

ciallaíonn "Taisce Réamh-Mheasta" aon chaiteachas ar dóigh don Suibscríobhaí nach dtabhóidh sé é nó go dtabhóidh sé/sí an céanna i méid níos lú ná mar a bheadh I gceist murach an tseirbhís a bheith in úsáid.

Is é is "Cíos" ann ná an muirear aisfhillteach is iníoctha ag an Suibscríobhaí leis an Soláthróir i leith na Seirbhíse.

ciallaíonn "Muirear Ceangail" an muirear uaire amháin nach muirear aisfhillteach é, is iníoctha ag an Suibscríobhaí i leith sholáthar tosaigh agus más infheidhme suiteáil thosaigh na Seirbhíse.

ciallaíonn "Substaint" sonraí, faisnéis, físteip, graificí, fuaim, ceol, pictiúir, téacs, cód, scríbhinn, grianghrafanna, bogearraí agus aon ábhar eile (i cibé foirm) a d'fhéadfadh a bheith ar fáil mar chuid den tSeirbhís.

ciallaíonn "Muirir" cíos, muirear ceangail, agus aon mhauirear eile is iníoctha ag an Suibscríobhaí leis an Soláthróir faoi seo.

ciallaíonn "Suibscríobhaí" an duine a ndéanfaidh nó a ndearna an Soláthróir comhaontú leis nó léi nó a measfar comhaontú a bheith déanta ag an Soláthróir leis nó léi i dtaca leis an tsaoráid a sholáthar don duine sin agus ciallaíonn sé freisin duine dar soláthraíodh nó dá soláthraítear an tsaoráid sin.

ciallaíonn "Soláthróir" Comharchumann Dhún Chaoin Teoranta

ciallaíonn "Idirlíon" an líonra domhanda sonraí arb éard atá ann ná líonraí idircheangailte ina n-úsáidtear TCP/IP (Prótacal Rialaithe Tarchurtha/ Prótacal Idirlín)

ciallaíonn "tréimhse thosaigh" dhá mhí fhéilire dhéag ón dáta bunaithe.
ciallaíonn "Fearas" trealamh, ar crua-earraí agus bogearraí, inter alia, atá ann.

ciallaíonn "Áitreabh" an áit ina ndéantar an tSaoráid a sholáthar.

ciallaíonn "Dáta Bunaithe" (SUD sa Bhéarla) an dáta a mbunóidh an Soláthróir an tSeirbhís don suibscríobhaí.

1.2 Déanfar an Comhaontú seo a rialú agus a fhorléiriú de réir dhlí na hÉireann.

1.3 Is ar mhaithe le háisiúlacht amháin atá na teidil sa Chomhaontú seo agus ní dhéanfaidh siad difear dá léiriú.

1.4 Aontaíonn na páirtithe leis nach ndéantar difear do bhailíocht an chomhaontaithe seo de bhrí gur féidir é a stóráil nó a mhalartú i bhfoirm leictreonach.

2.1 Is éard atá sa tseirbhís ná ceangal ón suibscríobhaí leis an idirlíon.

2.2 Níl aon fhreagracht ar an soláthróir as ábhar a bheidh sa tseirbhís agus aithníonn an suibscríobhaí nach ndéanann agus nach féidir leis an soláthróir an tsubstaint a scagadh. Shlánaigh an suibscríobhaí an soláthróir i leith aon chirt caingne nó aon chúise chaingne a éireoidh as úsáid, sirtheoireacht nó fáil aon ábhair a gheobhfar faoin gComhaontú seo.

2.3 Aithníonn an suibscríobhaí go ndearna an soláthróir conarthaí le hoibritheoirí cumarsáide d'fhonn an tseirbhís a sholáthar agus nach ndéanfaidh an soláthróir seirbhís gan chosc, leanúnach a sholáthar don suibscríobhaí de bhun an chomhaontaithe seo ach a mhéid a chuirfidh na hoibritheoirí sin an céanna ar fáil don soláthróir.

2.4 Aithníonn an suibscríobhaí nach ndéanfar le haon ní sa chomhaontú seo, an soláthróir a chur faoi dhliteanas an tsuibscríobhaí i leith aon chaillteanais seirbhíse, cibé slí a n_éireoidh an céanna), cé go ndéanfaidh an soláthróir chuile iarracht lena chinntiú go mbeidh ar chumas an tsuibscríobhaí an tseirbhís a úsáid ar bhonn ceithre uaire is fiche.

2.5 Aithníonn an suibscríobhaí gur uas-luasanna atá sna luasanna ceangail ráite agus go bhféadfadh nach mbainfear amach i gcónaí iad.

2.6 Aithníonn an suibscríobhaí go bhféadfaí a cheangal ar an soláthróir ó am go ham an tseirbhís a fhionraí ar chúiseanna dlithiúla nó teicniúla. Gabhann an soláthróir air féin an tseirbhís a thabhairt ar ais d'fhonn bhriseadh den sórt sin a laghdú.

2.7 Féadfaidh an soláthróir aon tráth aon ghné den tseirbhís a athrú nó a tharraingt siar agus gabhann sé air féin aon athrú sa tseirbhís a chur in iúl don suibscríobhaí.

2.8 Gach tráth, forchoiméadann an soláthróir an ceart seirbhís an tsuibscríobhaí a aistriú chuig oibritheoir eile, ach ní dhéanfaidh sé sin gan chúis mhaith, arb é an soláthróir a chinnfidh an chúis mhaith sin.

2.9 Aithníonn an suibscríobhaí gurb é freagracht an tsuibscríobhaí go haonarach agus go heisiatach, cibé bearta slándála is gá a shuiteáil, a chumrú agus a chothabháil d'fhonn maoin an tsuibscríobhaí a chosaint ó rochtain neamhúdaraithe, neamhdhleathach nó mailíseach ón idirlíon.

2.10 Déanfaidh an soláthróir gach iarracht chun go bhfreastalóidh an tseirbhís ar riachtanais sonracha an tsuibscríobhaí agus nach gcuirfí isteach ar oibriú na seirbhíse agus go mbeidh sí saor ó earráid, ach ní thabharfaidh sé barántas ina leith sin.

2.11 Soláthraítear an tseirbhís d'úsáid an tsuibscríobhaí amháin go haonarach agus ní dhéanfaidh an suibscríobhaí an tseirbhís a athdhíol, ar chomaoin nó gan chomaoin, le haon tríú páirtí.

2.12 I gcás ina ndéanfar an tseirbhís a sholáthar don suibscríobhaí mar chuid de ghrúpa pobail nó i gcás inar grúpa pobail an suibscríobhaí, admhaíonn an suibscríobhaí go bhféadfadh cur isteach tarlú don tseirbhís chun trealamh grúpa a chothabháil nó mar gheall ar damáiste dó agus nach mbeidh an soláthróir freagrach sna himthosca sin as aon chaillteanas seirbhíse nó as cur isteach i leith an ghrúpa nó aon phearsa aonair sa ghrúpa cibé slí a n-éireoidh an céanna.

2.13 Déanfaidh an soláthróir úsáid gan teorainn den tseirbhís a sholáthar do shuibscríobhaí aonair nó grúpa, a mhéid is a bheidh an céanna ar fáil go réasúnach. Forchoimeádann an soláthróir, áfach, an ceart, dá lánrogha féin, úsáid na seirbhíse ag aon suibscríobhaí a shrianadh nó a theorannú ag féachaint do cháilíocht na seirbhíse a bheidh le soláthar d'úsáidirí /suibscríobhaithe eile de chuid na seirbhíse.

2.14 Gach tráth, is ar an suibscríobhaí a bheidh an fhreagracht maidir le cothabháil agus cosaint mhaoin an tsuibscríobhaí agus ní freagracht an tsoláthróra é.

TÉARMA

3.1 Beidh tosach feidhme ag an gComhaontú seo ar an Dáta Bunaithe agus don Tréimhse Thosaigh sin. Dá éis sin, déanfar athnuachan uathoibríoch ar an gComhaontú i leith tréimhsí dhá mhí dhéag. Chun críocha an chlásail 3 seo, déanfar tréimhse dhá mhí dhéag a ríomh ó cothrom an dáta bunaithe.

3.2 I gcás ina gcuirfidh an suibscríobhaí an tseirbhís ar ceal, ní foláir don suibscríobhaí sin a dhéanamh trí iarratas i scríbhinn arna shíniú ag sínitheoir údaraithe an tsuibscríobhaí a chur chuig an Soláthróir tríd an bpost nó le facs ach fógra míosa amháin a thabhairt. Más mian leis an suibscríobhaí an comhaontú seo a fhoirceannadh i rith na tréimhse tosaigh, tiocfaidh táille cealaithe is comhionann agus táille seirbhíse trí mhí chun bheith dlite láithreach agus aithníonn an suibscríobhaí an táille sin agus toilíonn sé/sí an táille sin a íoc.

3.3 Forchoimeádann an soláthróir an ceart an comhaontú seo a fhoirceannadh tráth ar bith gan fógra a thabhairt má chreideann an soláthróir, dá lánrogha féin go ndearna an suibscríobhaí aon téarmaí de chuid an chomhaontaithe seo a fhoirceannadh nó a shárú nó mura ndéanann an suibscríobhaí aon táillí a thiocfaidh chun bheith dlite a íoc.

3.4 Féadfaidh an Soláthróir an Comhaontú seo a fhoirceannadh láithreach trí fhógra chuig an duine eile más rud é:

3.4.1 go nglacfaidh eireadóir seilbh ar aon mhaoin nó sócmhainní de chuid an pháirtí eile nó más rud é go gceapfar glacadóir thar an céanna;

3.4.2 go ndéanfaidh an páirtí eile aon socrú saorálach lena chreidiúnaithe nó go dtiocfaidh sé faoi ordú riaracháin;

3.4.3 go rachaidh an páirtí eile faoi leachtú (ach amháin chun críocha cónasctha nó athchóirithe agus ar shlí ionas go dtoilíonn an chuideachta a thagann uaidh sin a bheith faoi cheangal na n-oibleagáidí a fhorchuirfear ar an bpáirtí eile faoin gComhaontú seo nó na hoibleagáidí sin a ghabháil air féin);

3.4.4 go soirfidh an páirtí eile, nó go mbagróidh sé nó sí scor de ghnó a sheoladh;

3.4.5 mura féidir leis leanúint den tseirbhís a sholáthar ag féachaint do na himthosca a bheidh ann tráth an fhoirceanta sin.

COMHAONTUITHE AN tSUIBSCRÍOBHAÍ MAIDIR LE hÚSÁID CHUÍ

4.1 Toilíonn an Suibscríobhaí na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

4.2 Ní ceadmhach do shuibscríobhaithe an tseirbhís a úsáid chun iarracht a dhéanamh rochtain a fháil ar shaoráidí, seirbhísí nó acmhainní de chuid an tSoláthróra nó ar shaoráidí, seirbhísí nó acmhainní de chuid aon soláthraithe seirbhíse Idirlín comhcheangailte.

4.3 Ní ceadmhach do shuibscríobhaithe an tseirbhís a úsáid chun gabháil do ghníomhaíochtaí a d'fhágfadh go gcuirfí isteach ar sheirbhís aon suibscríobhaí Idirlín nó úsáidire Idirlín nó go ndiúltófaí an tseirbhís don chéanna nó a d'fhágfadh go bhfuil an baol sin ann i dtuairim an tsoláthróra.

4.4 Ní ceadmhach do suibscríobhaithe an tseirbhís a úsáid chun ábhar clúmhillteach a chruthú a óstáil nó a tharchur.

4.5 Ní ceadmhach do shuibscríobhaithe an tseirbhís a úsáid chun ábhar a chruthú a óstáil nó a tharchur, ar ábhar é a sháróidh cearta maoine intleachtaí, lena n-áirítear cóipcheart duine nó eagraíochta eile, ach gan a bheith teoranta don chóipcheart sin.

4.6 Ní ceadmhach do shuibscríobhaithe an tseirbhís a úsáid chun gabháil do ghníomhaíochtaí a sháraíonn cearta dílsithe in aon bhogearraí.

4.7 Ní ceadmhach do shuibscríobhaithe an tseirbhís a úsáid chun gabháil do ghníomhaíochtaí a dhéanann príobháideachas daoine eile a chomhréiteach.

4.8 Ní ceadmhach do shuibscríobhaithe an tseirbhís a úsáid chun gabháil do ghníomhaíochtaí a rachadh chun dochair d'fhaisnéis lonnaithe i ríomhairí.

4.9 Ní ceadmhach do shuibscríobhaithe an tseirbhís a úsáid chun ábhar ríomhphoist tráchtála nó fógraíochta gan iarraidh a tharchur chuig suibscríobhaithe eile nó chuig eagraíochtaí eile atá ceangailte le líonraí eile dá mba rud é gur cúis núise agus/nó crá nó gur dóigh gur cúis núise agus/nó crá a bheadh i gceist le tarchur an ábhair sin nó más rud é go dtarchuirfear an t-ábhar gan toiliú an fhaighteora.

4.10 Ní ceadmhach do shuibscríobhaithe an tseirbhís a úsáid chun aon cheol nó scannán a íoslódáil ón idirlíon.

4.11 Ní ceadmhach do shuibscríobhaithe an tseirbhís a úsáid chun aon cheol nó comhaid scannán de chineál ar bith a íoslódáil ón idirlíon.

4.12 Slánaíonn na suibscríobhaithe an soláthróir i leith aon chaingne, chúise chaingne, arna bagairt nó arna déanamh ar shlí eile ag sealbhóir aon mhaoine intleachtaí lena n-áirítear cóipcheart, trádmharc, paitinn nó eile.

4.13 I gcás ina rialaítear rochtain ar aon seirbhís Idirlín eile le téarmaí agus coinníollacha breise, aithníonn an Suibscríobhaí go bhfuil d'oibleagáid air na téarmaí agus na coinníollacha sin a chomhlíonadh.

TÁILLÍ

5.1 Toilíonn an Suibscríobhaí, gan dochar do cheart an tSuibscríobhaí an Comhaontú seo a fhoirceannadh le fógra cuí, táille mhíosúil seirbhíse agus gachtáille, muirear, cáin agus méid eile i leith na seirbhíse a íoc ar é nó í a éileamh de réir an ráta a mbeidh éifeacht leis don tréimhse bhilleála reatha. Féadfaidh an Soláthróir an bhun-táille mhíosúil seirbhíse a mhéadú nó a laghdú. Bainfidh an soláthróir úsáid as gach beart réasúnach d'fhonn 30 lá fógra nó níos mó a thabhairt don suibscríobhaí i leith an chéanna. I gcás aimhleas an tsuibscríobhaí a bheith i gceist leis na hathruithe ar na táillí, féadfaidh an suibscríobhaí an comhaontú seo a fhoirceannadh trí fhógra tríocha lá a thabhairt i scríbhinn don soláthróir agus leanfaidh an suibscríobhaí de bheith faoi dhliteanas i leith aon iarmhéid ar an gcuntas agus i leith aon fhearais nár tugadh ar ais don soláthróir laistigh de 14 lá ó dhul in éag an tríocha lá sin.

5.2 Mura gcomhaontófar a mhalairt, beidh íocaíocht dlite ina hiomlán trí bhuanordú i dtosach gach míosa billeála ach amháin agus sa chás sin amháin gur roghnaigh an suibscríobhaí réamh-íocaíocht bhliantúil. Beidh gach muirear bailí mura ndéanfar díospóid ina leith laistigh de 60 lá ón dáta billeála agus ní dhéanfar aon choigeartaithe mura ndéanfar agóid laistigh den tréimhse 60 lá sin.

5.3 I gcás aon íocaíocht a bheith thar téarma le breis agus 7 lá oibre agus/nó i gcás ina gcuirfidh an banc aon íocaíocht ar ais gan í a íoc, féadfaidh an soláthróir an tseirbhís a fhionraí le héifeacht láithreach agus ní dhéanfar an tseirbhís a athshuíomh ach ar gach méid neamhíoctha a íoc. I gcás ina bhfionrófar an tseirbhís ar na cúiseanna roimhe seo ní shaorfar an suibscríobhaí ón oibleagáid aon táille mhíosúil seirbhíse a íoc a éireoidh le linn an tseirbhís a bheith ar fionraí. Féadfaidh an soláthróir, dá rogha féin, an tseirbhís agus an comhaontú seo a fhoirceannadh i gcás ina mbeidh aon táille mhíosúil seirbhíse neamhíoctha le breis agus ceithre lá dhéag.

5.4 I gcás ina ndéanfar an tseirbhís a fhionraí nó a fhoirceannadh ar aon chúis féadfaidh an soláthróir, dá lánrogha féin, táille ath-ghníomhachtaithe nó éarlais a éileamh.

5.5 Beidh an táille mhíosúil seirbhíse dlite ar an gcéad lá de gach mí.

TEORAINN MAIDIR LE DLITEANAS

6.1 In aon chás, ní bheidh an Soláthróir faoi dhliteanas i leith an tSuibscríobhaí de réir conartha nó torta nó ar shlí eile lena n-áirítear aon dliteanas maidir le faillí nó sárú dualgais i dtaca leis na nithe seo a leanas:
(i) aon chaillteanas ioncaim, gnó, conarthaí, Taisce Réamh-Mheasta, nó brabús, nó
(ii) aon chaillteanas nó éilliú cumraíochta sonraí nó bogearraí,
(iii) aon chaillteanas neamhdhíreach nó iarmhartach, cibé slí a n_éireoidh an céanna.

6.2 A mhéid is atá an céanna incheadaithe le dlí, ní bheidh dliteanas ar an Soláthróir de réir conartha nó torta nó ar shlí eile i leith aon chaillteanais, díobhála nó damáiste a éireoidh go díreach:

(a) as aon ghníomh, neamhghníomh, earráid, mainneachtain, cliseadh nó moill i dtaca le soláthar, suiteáil, oibriú, cothabháil nó foirceannadh na seirbhíse;

(b) as aon chliseadh ar an tseirbhís;

(c) as aon chliseadh ar an aon ní a sholáthraítear mar chuid den tseirbhís nó i bpáirt léi nó as fabht in aon ní den sórt sin.

6.3 I gcás ar bith, ní bheidh an Soláthróir faoi dhliteanas ag an Suibscríobhaí i leith damáiste a d'fhulaing an Suibscríobhaí de thoradh gníomhartha nó neamhghníomhartha tríú páirtithe. Aithníonn an Suibscríobhaí go dtéann sé ar an Idirlíon faoina phriacal féin agus nach bhfuil aon fhreagracht ar an Soláthróir i leith aon earraí, seirbhísí, faisnéis, bogearraí nó ábhar eile ar a dtagann an Suibscríobhaí le linn dó an tseirbhís a úsáid.

6.4 Déanfaidh an Suibscríobhaí an Soláthróir a shlánú in aghaidh gach éilimh a dhéanfar i gcoinne an tSoláthróra maidir le caillteanas, damáiste nó díobháil d'aon duine nó maoin a tharlóidh mar gheall ar úsáid na seirbhíse ag an Suibscríobhaí nó a éireoidh as an gcéanna.

6.5 Gach uile thráth, is faoi fhreagracht an tsuibscríobhaí a fhanfaidh sé gach beart réasúnach a ghlacadh chun maoin an tsuibscríobhaí a chosaint agus beidh an suibscríobhaí amháin freagrach as a chinntiú go ndéanfar cúltaca de gach comhad ríomhaireachta agus de sonraí ríomhaireachta ar bhonn rialta.

6.6 Cé go soláthraítear criptiú agus fíordheimhniú ar naisc líonraí uile an tsoláthróra, ní féidir aon ráthaíocht a thabhairt maidir le haon rochtain neamhúdaraithe, tascradh sonraí nó aon sárú slándála eile.

6.7 Ní bheidh dliteanas ar an soláthróir i leith suiteáil fhabhtach nó aon díobháil nó caillteanas le linn an tsaoráid a shuiteáil.

COTHABHÁIL

7.1 Forchoimeádann an Soláthróir an ceart costais agus caiteachais réasúnacha a thabhóidh an Soláthróir le linn seirbhísí cothabhála a sholáthar, a mhuirearú ar an Suibscríobhaí más mar gheall ar aon cheann amháin de na nithe seo a leanas nó teaglaim díobh, a bhfuil gá le seirbhísí cothabhála:

(i) foichí Dé, tintreach, voltas agus sruthanna leictreachais a mhúnlófar ar an líne teileachumarsáide le tintreach nó ar shlí eile, tinte, tuilte, stoirmeacha nó catastrófa eile; nó

(ii) rialú rialtais, srianta nó toirmisc; nó

(iii) aon ghníomh nó neamhghníomh de chuid údaráis phoiblí (lena n-áirítear Rialtas) cibé acu áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta; nó

(iv) gníomh toiliúil nó faillíoch nó mainneachtain thoiliúil nó fhaillíoch de chuid an tSuibscríobhaí nó aon soláthraí nó gníomhaire de chuid an tSuibscríobhaí; nó

(v) mainneachtain an tSuibscríobhaí aon cheann d'fhorálacha an Chomhaontaithe seo a chomhlíonadh; nó

(vi) fabht in aon chóras teileachumarsáide nó aon fhadhb eile atá bainteach leis an gcéanna, seachas córas an tSoláthróra; nó

(vii) aon chúis eile de gach uile chineál, ar cúis í nach bhfuil neart réasúnach ag an Soláthróir uirthi.

8.1 Féadfaidh an Soláthróir sochar an Chomhaontaithe seo a shannadh do thríú páirtí gan toiliú roimh ré an Chustaiméara ach ní féidir leis an gCustaiméir, áfach, an Comhaontú seo a shannadh go hiomlán nó go páirteach gan toiliú scríofa roimh ré an tSoláthróra.

GAN TARSCAOILEADH

9.1 Mura ndéanann an Soláthróir aon cheart a thugtar leis an gComhaontú seo a fheidhmiú nó a fhorfheidhmiú, ní mheasfar gur tarscaoileadh aon chirt den sórt sin a bheidh ann agus ní oibreoidh sé chun feidhmiú nó forfheidhmiú an chirt sin a chosc, nó chun feidhmiú nó forfheidhmiú aon chirt den sórt sin a chosc ag ócáid níos déanaí.

9.2 Maidir le haon easpa in údarás an tSuibscríobhaí leas a bhaint as an tseirbhís nó an fearas nó an tsaoráid a úsáid ní bhacfaidh sé seasamh an tSuibscríobhaí ar aon chearta dá chuid faoin gComhaontú seo.

CEARTA MAOINE INTLEACHTAÍ

10.1 I gcás ina ndéanfar bogearraí a sholáthar faoin gComhaontú seo, deonaíonn an Soláthróir ceadúnas neamh-eisiach, neamh-inaistrithe don Suibscríobhaí chun na bogearraí a úsáid chun na críche sin amháin le linn théarma an Chomhaontaithe seo.

10.2 Ní dhéanfaidh an Suibscríobhaí na bogearraí a chóipeáil, ach amháin mar a cheadaítear le dlí, a dhítheaglamú nó a mhodhnú ar bhealach ar bith, nó ní chóipeálfaidh sé na lámhleabhair nó an doiciméadacht.

10.3 Toilíonn an Suibscríobhaí aon chomhaontú a shíniú a cheanglóidh úinéir aon chóipchirt in aon bhogearraí d'fhonn leas na n-úinéirí sna bogearraí sin a chosaint.

AN tACHT UM CHOSAINT SONRAÍ, 1988

11.1 De réir fhorálacha an Achta um Chosaint Sonraí, 1988 (arna leasú) féadfaidh an Soláthróir aon fhaisnéis a gheobhaidh an Soláthróir ón Suibscríobhaí faoin gComhaontú seo, lena n-áirítear na sonraí a bheidh in Iarratas an tSuibscríobhaí (faoi réir cheart an tSuibscríobhaí a mhalairt a iarraidh ar an bhfoirm iarratais a ghabhann leis seo nó ag dáta níos déanaí) a úsáid chun táirgí agus seirbhísí eile a d'fhéadfadh an Soláthróir a thairiscint don Suibscríobhaí a aithint.

INFHORGHNÍOMHAITHEACHT

12.1 Má chinnfear aon fhorálacha de chuid an Chomhaontaithe seo a bheith neamh_infheidhmithe, neamhdhleathach nó neamhbhailí go hiomlán nó go páirteach, fanfaidh na codanna eile den Chomhaontú i bhfeidhm agus in éifeacht go hiomlán.

DLÍ

13.1 Déanfar an Comhaontú seo a rialú agus a fhorléiriú de réir dhlíthe na hÉireann agus téanna na páirithe leis seo faoi dhlínse eisiach Chúirteanna na hÉireann.